



OÉ Gaillimh  
NUI Galway



# An Máistir Gairmiúil san Oideachas

Is é an aidhm atá leis an Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO) in OÉ Gaillimh, ná an t-eolas gairmiúil, an tuiscint, agus na scileanna oideolaíocha a theastaíonn le hoibriú mar mhúinteoir iar-bhunoideachais a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint. Clár lánaimseartha, thar dhá bhliain é an MGO agus tá sé aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta mar chlár oiriúnach oiliúna chun críocha clárúcháin mar mhúinteoir iar-bhunoideachais in Éirinn agus san AE.

Clár uilechuimsitheach oiliúna é an Máistir Gairmiúil san Oideachas a chinntíonn go mbíonn na huirlisí teoiriciúla agus coincheapúla riachtanacha ag múinteoirí faoi oiliúint chun stíl chruthaitheach, sholúbtha agus mhachnamhach teagaisc a fhorbairt, agus go mbeidh ar a gcumas déileáil le riachtanais chasta agus iomadúla oideachais daltaí idir 12 agus 19 mbliana d'aois.

Tá an cúrsa seo á sholáthar ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gcomhpháirtíocht le Scoil an Oideachais.

## An raibh a fhios agat?

Tá an-bhéim ar theicneolaíocht ar an MGO. Is é an t-aon chlár iPad 1:1 é in oiliúint tosaigh múinteoirí in Éirinn.

## An raibh a fhios agat?

Tá an-tóir ar iarmhíic léinn an chlár seo. Tá siad fostaithe in iar-bhunscoileanna ar fud na tíre agus thar lear.

**Leibhéal an Chláir:** Máistreacht ag leibhéal 9

**Fad:** Dhá bhliain, lánaimseartha

**Riachtanais Iontrála:** Is gá d'iarrthóirí agallamh a dhéanamh agus Stiúrthóir an chlár a shásamh go bhfuil caighdeán B2 sa Ghaeilge ar an gComhchreat Tagartha Eorpach um Theangacha acu.

**Táillí:** €4,950 sa bhliain

**Cód PAC:** PEG02

**Spriocdháta:** 1 Nollaig 2016



## Struchtúr an Chúrsa

Bliain 1	ECTS
1. <b>Eolaíochtaí Oideachais</b> Síceolaíocht an Oideachais Socheolaíocht an Oideachais Stair an Oideachais Fealsúnacht an Oideachais	15
2. <b>Léann Gairmiúil</b> Teagasc, Foghlaim, Curaclam & Measúnú An Teagasc trí Ghaeilge Teicneolaíocht an Oideachais Cruinneas sa Ghaeilge	10
3. <b>Modheolaíocht 1A</b> Oideolaíocht ábhair	5
4. <b>Modheolaíocht 1B</b> Oideolaíocht ábhair	5
5. <b>Socrúchán Scoile</b> Teagasc praiticiúil i Scoil 1	25

Bliain 2	ECTS
1. <b>Taighde</b> Modhanna taighde cleachtóir-bhunaithe, Scríbhneoireacht acadúil	20
2. <b>Eolaíochtaí Oideachais 2</b> Síceolaíocht, Socheolaíocht, Stair & Fealsúnacht an Oideachais, Teoiric & Cleachtas a nascadh agus a chomhtháthú	5
3. <b>Modheolaíocht 2A</b> Oideolaíocht ábhair	5
4. <b>Modheolaíocht 2B</b> Oideolaíocht ábhair	5
5. <b>Socrúchán Scoile</b> Teagasc praiticiúil i Scoil 2	25

‘Is iomaí scil nua a d’fhorbair mé don seomra ranga agus do mo ról sa scoil phobail i gcoitinne ar an gcúrsa dúshlánach tairbheach sultmhar seo. Bhain mé an-taitneamh agus leas as.’

**Daithí Mac Fhlaithimh**

## Deiseanna Gairme

Tabharfaidh an cháilíocht nua seo deiseanna fostaíochta do chéimithe in earnáil an oideachais in Éirinn agus thar lear, agus san earnáil Ghaelscolaíochta sa tír seo go háirithe.



## Tuilleadh Eolais:

Sinéad Ní Ghuidhir  
Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann,  
Gaillimh.

t: 353 (0)91 492861

r: sinead.nighuidhir@nuigalway.ie

